
**DRÉACHT**

Contae Loch Garman

# STRAITÉIS OIDHREACHTA

2026-2031






*1. Eaglas Mhaigh Ghlas; 2. Cé na Cille Móire; 3. Pailneoir ag obair; 4. Fleadh 2024; 5. Cuan Bhaile na Cúirte; 6. Aithriseoirí staire ar Chnoc Fhiodh na gCaor; 7. Múr Bhaile Loch Garman; 8. Leabhar Miontuairiscí Bhardas Ros Mhic Thriúin 1663; 9. Ceiliúradh camógaíochta; 10. Aithriseoirí Normannacha ag Cuan Bhanú.*

*Is le Comhairle Contae Loch Garman gach íomhá ach Uimh.6 (Ionad Náisiúnta Eirí Amach 1798) agus Uimh.9 (Camógaíocht Loch Garman)*

Contae Loch Garman

# STRAITÉIS OIDHREACHTA

2026-2031

© Comhairle Contae Loch Garman 2026

# Brollach



*Eddie Taaffe, POF, Comhairle Contae Loch Garman*

## Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach

Lorem ipsum dolor sit amet, consectetur adipiscing elit, sed do eiusmod tempor incididunt ut labore et dolore magna aliqua. Ut enim ad minim veniam, quis nostrud exercitation ullamco laboris nisi ut aliquip ex ea commodo consequat. Duis aute irure dolor in reprehenderit in voluptate velit esse cillum dolore eu fugiat nulla pariatur.



*Clr Lisa McDonald, Cathaoirleach, Comhairle Contae Loch Garman*

## Teachtaireacht ón gCathaoirleach

Lorem ipsum dolor sit amet, consectetur adipiscing elit, sed do eiusmod tempor incididunt ut labore et dolore magna aliqua. Ut enim ad minim veniam, quis nostrud exercitation ullamco laboris nisi ut aliquip ex ea commodo consequat. Duis aute irure dolor in reprehenderit in voluptate velit esse cillum dolore eu fugiat nulla pariatur.

DREACHT



*Clr Frank Staples, Cathaoirleach, Fóram Oidhreachta.*

## Teachtaireacht ó Chathaoirleach an Fhóraim Oidhreachta

Lorem ipsum dolor sit amet, consectetur adipiscing elit, sed do eiusmod tempor incididunt ut labore et dolore magna aliqua. Ut enim ad minim veniam, quis nostrud exercitation ullamco laboris nisi ut aliquip ex ea commodo consequat. Duis aute irure dolor in reprehenderit in voluptate velit esse cillum dolore eu fugiat nulla pariatur.

# Clár na nÁbhar

1. Réamhrá……………………………………….05

2. Comhthéacs Beartais ..……………………..07

3. Oidhreacht Loch Garman.………………….…...09

4. Ag Socrú Ár Spriocanna……………………11

5. Téamaí Straitéiseacha………………………15

- Ár n-oidhreacht a chosaint agus a bhainistiú
- Taighde agus eolas a chruthú faoin oidhreacht
- Feasacht níos mó ar oidhreacht a spreagadh agus a chothú
- Ag ceangal daoine le háit
- Bithéagsúlacht

6. Cur i bhFeidhm……………………….…….27

***<u>Aguisín 1</u>:***
*Tionscadail Fhéideartha*

***<u>Aguisín 2</u>:***
*Aiseolas ón bPróiseas Comhairliúcháin Phoiblí*

***<u>Aguisín 3</u>:***
*Rannpháirtithe sa Phróiseas Comhairliúcháin Phoiblí*

***<u>Aguisín 4</u>***:
*Baill Fhóram Oidhreachta Chontae Loch Garman*

DREACHT

# Léargas ar
# OIDHREACHT Loch Garman

**Séadchomharthaí Taifeadta 4319**

**Reiligí Stairiúla 141**

**Caisleáin 100+**

**Déanmhais Chosanta 1503**

**Limistéir Caomhantais Ailtireachta: 12**

**Tithe Ceann Tuí 200+**

**Suíomhanna Geolaíocha Oidhreachta: 42**

**Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta: 12**

**Anaclanna Dúlra 3**

*Léargas ar oidhreacht Loch Garman lena náirítear 4,319 séadchomartha taifeadta, 141 reilig stairiúil, 100+ caisleán, 1,503 déanmhas chosanta, 12 Limistéar Caomhantais Ailtireachta, 200+ teach ceann tuí, 42 Suíomh Geolaíoch Oidhreacta, 12 Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta agus 3 Anaclann Dúlra.*

# 1. Réamhrá

## Cad atá i gceist againn le hoidhreacht?

Is í ár n-oidhreacht an méid atá fágtha mar oidhreacht againn ón am atá thart, le meas a thabhairt uirthi agus taitneamh a bhaint aisti san am i láthair, agus le caomhnú agus cur ar aghaidh chuig na glúnta atá le teacht. Áirítear leis seo oidhreacht inláimhsithe amhail suíomhanna stairiúla agus séadchomharthaí, oidhreacht dholáimhsithe amhail cultúr, teanga agus traidisiúin, agus oidhreacht nádúrtha amhail ár dtírdhreacha, ár muirdhreacha agus ár bhflóra agus fána.

## Maidir leis an Straitéis seo

Cuireann Straitéis Oidhreachta an Chontae creat ar fáil chun ár n-oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha a aithint, a chosaint, a chaomhnú, a bhainistiú, a fheabhsú agus a léirmhíniú, faoi stiúir na Comhairle Contae. Tugann ullmhú na straitéise deis chun saincheisteanna agus riachtanais a aithint ar leibhéal an chontae agus aghaidh a thabhairt orthu go háitiúil laistigh de chreat réigiúnach agus náisiúnta.

Is é an sprioc fhoriomlán ná oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha an chontae a chosaint, a chaomhnú agus - nuair is iomchuí - a fheabhsú, agus gach duine a spreagadh chun meas a bheith acu ar ár n-oidhreacht, taitneamh a bhaint aisti, í a thuiscint agus aire a thabhairt di do na glúnta atá le teacht.

DRÉACHT

## An Próiseas Comhairliúcháin agus Dréachtaithe

Dréachtaigh an Fóram Oidhreachta Straitéis Oidhreachta an Chontae i ndiaidh próiseas comhairliúcháin leathan lena n-áirítear plé ar an láthair i leabharlanna áitiúla, suirbhé ar líne agus líon mór aighneachtaí scríofa mionsonraithe ó eagraíochtaí, cumainn agus baill den phobal. Cuireadh an Dréachtstraitéis faoi bhráid fhoireann bhainistíochta Chomhairle Contae Loch Garman, agus ina dhiaidh sin cuireadh faoi bhráid an phobail arís í le haghaidh tuairimí. Rinneadh scagadh uirthi freisin le haghaidh Measúnú Cuí.

## Maidir le Fóram Oidhreachta Chontae Loch Garman

Is comhlacht comhairleach é Fóram Oidhreachta an Chontae a thugann le chéile ionadaithe ó go leor páirtithe leasmhara, lena n-áirítear eagraíochtaí oidhreachta, gníomhaireachtaí áitiúla, agus an pobal. Cuireann sé fóram ar fáil le haghaidh plé agus díospóireachta ar shaincheisteanna oidhreachta, agus tugann sé comhairle don údarás áitiúil maidir le cruthú agus cur i bhfeidhm Straitéis Oidhreachta an Chontae.

DREACHT

*Nuair a bheidh ár n-oidhreacht imithe, ní féidir í a thabhairt ar ais.*

Trácht ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí

# 2. Comhthéacs Beartais

Tá comhthéacs beartais Straitéis Chontae Loch Garman bunaithe ar straitéisí náisiúnta agus contae chomh maith le spriocanna agus comhaontuithe idirnáisiúnta níos leithne.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta áirítear orthu seo…

- Spriocanna Forbartha Inbhuanaitheachta na Náisiún Aontaithe
- Coinbhinsiún UNESCO 2001 maidir le Cosaint na hOidhreachta Cultúrtha Faoi Uisce
- Coinbhinsiún 1992 chun Oidhreacht Seandálaíochta na hEorpa a Chosaint (Coinbhinsiún Valletta)
- Coinbhinsiún 1985 chun Oidhreacht Seandálaíochta na hEorpa a Chosaint (Coinbhinsiún Granada)
- Cairt ICOMOS 1979 um Chaomhnú Áiteanna a bhfuil Tábhacht Chultúrtha leo (Cairt Burra).

Ar an leibhéal náisiúnta áirítear orthu seo…

- An tAcht Oidhreachta 1995
- An tAcht um Míchumas 2005
- An tAcht um Oidhreacht Stairiúil agus Seandálaíochta agus Forálacha Ilghnéitheacha 2023
- Straitéis Chomhairle na hOidhreachta 2023-2028 *“Ár nÁit san Am”*
- Tionscadal Éireann 2040
- An Plean Forbartha Náisiúnta
- Oidhreacht Éireann 2030
- An Plean Gníomhaíochta um an mBithéagsúlacht 2023-2030
- An Straitéis Náisiúnta um Thailte Portaigh 2015
- An Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha 2015-2025
- An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um an Aeráid 2021
- An Plean Uile-Éireann um Pailneoirí
- Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030

DREACHT

- Creat Náisiúnta Pleanála
- An Straitéis Náisiúnta um Oidhreacht Dhúchasach.
- An Plean Earnála um Oiriúnú Oidhreachta Tógtha agus Seandálaíochta don Athrú Aeráide

Ag leibhéal **contae** áirítear orthu seo…

- Plean Forbartha Chontae Loch Garman 2022-2028
- Plean Corparáideach Chomhairle Contae Loch Garman 2025-2029
- Pleananna Forbartha agus Ceantair Áitiúil
- Pleananna Lár Bailte ar dTús
- Pleananna Athbheochana faoi stiúir na hOidhreachta
- Straitéis agus Fodhlíthe na Reiligí
- An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029
- An Plean Gníomhaíochta um an mBithéagsúlacht Áitiúil atá le teacht
- Plean Ealaíon Chomhairle Contae Loch Garman 2023-2027
- Plean Forbartha Leabharlann Chontae Loch Garman
- Clár Cumas Ealaíon
- Clár LEADER 2023-2027
- Plean Forbartha Cinn Scríbe agus Eispéiris Loch Garman atá le teacht
- Straitéis um Ionchuimsiú Míchumais
- Straitéis Aoisbháúil Loch Garman
- An Straitéis um Chomhtháthú Imirceach atá le teacht

DREACHT

*Ba cheart don oidhreacht a bheith ailínithe le spriocanna inbhuanaitheachta, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin aeráide agus turasóireacht agus athbheochan a spreagadh.*

Trácht ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí



*Trá Dhún Dónaill (Colm Moriarty)*

# 3. Oidhreacht Loch Garman

Tá oidhreacht shaibhir agus éagsúil ag Loch Garman a shíneann siar beagnach 10,000 bliain ó thaobh gníomhaíocht dhaonna de agus os cionn 600 milliún bliain i ndáil le geolaíocht - tá roinnt foirmíochtaí carraige in aice le Cé na Cille Móire atá i measc na gceann is sine in Éirinn. Síneann oidhreacht nádúrtha an chontae ó na sléibhte go dtí an cósta agus áirítear inti coillte, bogaigh, fálta sceach, tírdhreacha cnobaí-is-citeal ar leith, timpeallachtaí cósta/abhann, oileáin amach ón gcósta, agus coilíneachtaí éan lena mbaineann tábhacht idirnáisiúnta.



*Puifíní ar an Sailte Mór (salteeislands.info)*




*Tithe ceann tuí i Loch Garman. (Comhpháirtíocht Chontae Loch Garman, 2001)*

Tá tírdhreach Loch Garman sa lá atá inniu ann múnlaithe ag gníomhaíochtaí an duine agus tá oidhreacht thógtha an-soiléir aige. Is é an struchtúr is sine atá ina sheasamh sa chontae ná tuama ursanach Neoiliteach i mBaile Briotáis, a thóg ár gcéad phobail fheirmeoireachta breis agus 5000 bliain ó shin. Tá líon mór séadchomharthaí ón tréimhse mheánaoiseach sa chontae[1] lena n-áirítear caisleáin, mainistreacha, túrthithe agus bailte stairiúla. Tá breis is 200 teachín ceann tuí fós ann (tá níos mó teachíní ceann tuí i

[1] Tá go leor de na séadchomharthaí seo ar thailte príobháideacha agus ba chóir cead úinéir na talún a lorg i gcónaí sula dtugtar cuairt orthu.

Loch Garman ná mar atá in aon chontae eile seachas Dún na nGall agus Gaillimh). Léirítear traidisiún tionsclaíoch an chontae sna muilte breátha agus sna tithe braiche atá fós ann. Tá traidisiún an 'Tí Mhóir' léirithe go maith anseo freisin, agus go leor tithe fós i seilbh an teaghlaigh. Tá bailiúchán fairsing doiciméad caomhnaithe agus ar fáil trí Chartlann an Chontae.

Tá tírdhreach cultúrtha ar leith ag Loch Garman freisin, ó cheol traidisiúnta go ceoldrámaí agus ó scéalaíocht go litríocht, chomh maith le cartlann shaibhir de stair bhéil atá bailithe ag an tseirbhís Leabharlainne agus Cartlainne[2]. Cuireann traidisiúin cosúil le cleamaireacht, nósanna séasúracha, oilithreachtaí áitiúla, patrúin agus aontaí éagsúlacht agus cómhuintearas leis, agus tá aitheantas agus meas níos mó á thabhairt do thraidisiúin an lucht siúil anois.  Tá meas fós ar cheardaíocht thraidisiúnta agus tá oidhreacht spóirt uasal ag an gcontae. Léiríonn stór teangacha an cheantair (Gaeilge, Béarla agus Yólais) éagsúlacht eitneach atá beagnach gan sárú, lena n-áirítear sinsearacht Ghaelach, Lochlannach, Normannach, Francach, Breatnach agus Sasanach. Méadfaidh an éagsúlacht chultúrtha seo le teacht leanúna cónaitheoirí nua ó thíortha eile.

Cuireann iad uilig seo leis an meascán a fhágann go bhfuil oidhreacht Loch Garman ar cheann de na cinn is saibhre in Éirinn.



*'Le convenienze ed inconveniense teatrali' Wexford Festival Opera 2024 (© Patricio Cassinoni).*

[2] Tá an bailiúchán iomlán caomhnaithe ar Thaisclann Dhigiteach na hÉireann www.repository.dri.ie - rochtain díreach nó trí https://www.wexfordcoco.ie/libraries/more-library-services/local-studies-service/oral-history-recordings



DRÉACHT


# 4. Ag Socrú Ár Spriocanna

Trína phlé féin agus le próiseas comhairliúcháin phoiblí mar bhonn eolais faoi, d'aithin an Fóram Oidhreachta cuid de na príomhdhúshláin agus deiseanna d'oidhreacht Loch Garman sna cúig bliana amach romhainn.

Leag cleachtadh SWOT a rinne an Fóram béim ar shaibhreas oidhreacht Loch Garman agus ar an bhféiniúlacht a thugann sí ach tharraing sé aird freisin ar leochaileacht na hacmhainne agus an gá atá ann le cosaint níos fearr. Easpa feasachta agus easpa maoinithe ba ea an dá phríomhlaige a aithníodh agus tá deiseanna soiléire ann chun rannpháirtíocht níos fearr a dhéanamh le pobail, an bonn eolais a leathnú agus an acmhainneacht eacnamaíoch a bhaint amach.

Measadh go raibh **féiniúlacht láidir** ag Loch Garman. Bhí comhaontú forleathan ann gur mhórbhuntáiste é **saibhreas, feiceálacht** agus **éagsúlacht** na hacmhainne oidhreachta, rud a chruthaíonn go leor féidearthachtaí don todhchaí. Chuir **díograis** an phobail leis seo, chomh maith le líon na gcumann oidhreachta agus na n-imeachtaí, mar aon leis an ról a bhí ag na **leabharlanna**.


Bhain go leor de na bagairtí a aithníodh le **leochaileacht na hacmhainne** – cailliúint suíomhanna, forbairt mhíchuí, creimeadh cósta, stóráil easpach agus fiú goid seaniarsmaí iniompartha. Measadh gur fadhb a bhí san easpa **forfheidhmithe**, chomh maith le **heaspa feasachta** go ginearálta agus le cailliúint fhoriomlán eolais, saineolais agus acmhainní.




Ba iad an dá phríomhlaige a aithníodh ná easpa **feasachta** agus easpa **maoinithe**. Aithníodh droch-chumarsáid agus easpa rannpháirtíochta poiblí mar aon le heaspa acmhainní, saineolais agus cleachtóirí. Aithníodh freisin **meath** roinnt suíomhanna agus **cailliúint rochtana** orthu. Is laige straitéiseach mhór í easpa **Plean Oidhreachta** .

Réimse leathan deiseanna, go háirithe le haghaidh **rannpháirtíocht phobail**, sean-nósanna a athbheochan agus mórtas a chothú. Thabharfadh fóraim phoiblí spreagadh d'ionchur agus do mheon úinéireachta. Níl dóthain measa fós ar **oidhreacht mhuirí** an chontae. D'fhéadfaí **bunachar eolais** foriomlán a fhorbairt gan dabht. Aithníodh deiseanna **tráchtála** suntasacha sa turasóireacht agus i gcruthú naisc freisin (m.sh. an Fhleadh agus Bliain na Normannach 2027).

Léiríodh tuairimí an Fhóraim go soiléir san aiseolas a fuarthas ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí. Ba phróiseas an-rathúil é seo, ónar eascair 80 tuairisceán ar líne, 19 tuairisceán i gcóip chrua, 26 aighneacht scríofa (an-mhionsonraithe go minic) agus freastal láidir ag formhór na seisiún poiblí. Bhí an freagra dearfach agus praiticiúil, agus aithníodh go raibh gá le gníomh ach freisin nach bhféadfaí gach rud a dhéanamh ag an am céanna. Leagadh béim ar ról



ríthábhachtach na Comhairle Contae i mbainistiú an phróisis seo, agus mheas 79% de na freagróirí go raibh sé seo ‘an-tábhachtach’ nó ‘tábhachtach’, agus chuir 95% béim ar thábhacht na straitéise atá le teacht dóibh féin agus dá bpobail.

Sa phróiseas comhairliúcháin phoiblí, aithníodh freisin na **príomhdhúshláin agus spriocanna**. I measc na <u>bpríomhdhúshlán</u> a aithníodh tá easpa maoinithe, forbairt neamhoiriúnach agus feasacht an phobail. Áiríodh ar na <u>príomhspriocanna</u> pobail a bheith níos rannpháirtí maidir le hiarrachtaí chun ár n-oidhreacht a chaomhnú, tacaíocht áitiúil a chothú agus feasacht ghinearálta a mhéadú maidir le saibhreas agus tábhacht oidhreacht Loch Garman. Déantar mionphlé orthu sin in Aguisín 2 ach tá achoimre orthu anseo sna néalta focal thíos.

**NA PRÍOMHDHÚSHLÁIN A AITHNÍODH TRÍD AN BPRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN PHOIBLÍ**









## Spriocanna Ardleibhéil

Ag tarraingt ar an gcomhairliúchán poiblí agus ar phlé an Fhóraim féin araon, tháinig cúig chuspóir shoiléire chun cinn:

- Ár n-oidhreacht a chaomhnú agus a chosaint
- Ár mbonn eolais a leathnú
- Feasacht a chothú
- Pobail a bheith páirteach agus iad a chumasú
- An acmhainneacht eacnamaíoch a bhaint amach


Uathu siúd, tháinig dá **sprioc straitéiseacha ardleibhéil**:

1. Oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha an chontae a chosaint, a chaomhnú agus, nuair is iomchuí, a fheabhsú.
2. Chun gach duine a spreagadh chun meas a bheith acu ar ár n-oidhreacht, taitneamh a bhaint aisti, í a thuiscint agus aire a thabhairt di agus chun cabhrú lena caomhnú do na glúnta atá le teacht.

D'úsáid an Fóram na spriocanna seo agus na dúshláin a aithníodh chun a fhreagairt straitéiseach a mhúnlú. Tugtar cur síos ar sin sa chéad caibidil eile.


*Caisleán Teach Munna (Colm Moriarty)*

# Ár Spriocanna



## 1.

Oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha an chontae a chosaint, a chaomhnú agus, nuair is iomchuí, a fheabhsú.

## 2.

Chun gach duine a spreagadh chun meas a bheith acu ar ár n-oidhreacht, taitneamh a bhaint aisti, í a thuiscint agus aire a thabhairt di agus chun cabhrú lena caomhnú do na glúnta atá le teacht.

*Trá Dhún Dónaill (Colm Moriarty)*

# 5. Téamaí Straitéiseacha

Leagtar amach cúig **Théama Straitéiseacha** i Straitéis Oidhreachta Loch Garman, agus díreoimid ár n-iarrachtaí orthu sin sna cúig bliana atá romhainn. Léiríonn na téamaí seo na dúshláin agus na spriocanna a d'aithin an Fóram Oidhreachta trína phlé féin agus aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí. Is iad na Téamaí a roghnaíodh ná:

A. Ár n-oidhreacht a chosaint agus a bhainistiú
B. Taighde agus eolas a chruthú faoin oidhreacht
C. Feasacht níos mó ar oidhreacht a spreagadh agus a chothú
D. Ag Ceangal Daoine le hÁit
E. Bithéagsúlacht

I gcás gach ceann de na Téamaí seo, tá roinnt **Gníomhartha** roghnaithe againn agus le chéile soláthraíonn siad seo an creat dár gclár oibre thar na cúig bliana atá romhainn agus le haghaidh measúnú leanúnach agus bainistíocht feidhmíochta.

Gach bliain, ullmhófar clár bliantúil i gcomhairle leis an bhFóram Oidhreachta agus cuirfear faoi bhráid na Bainistíochta Sinsearaí é lena cheadú. Déanfar maoiniú, acmhainní agus tacaíochtaí eile a leithdháileadh mar chuid de phróiseas bliantúil Meastachán na Comhairle. Déanfar athbhreithniú ar dhul chun cinn maidir le cur i gcrích faoi lár na bliana agus ag deireadh na bliana.

Beidh an Straitéis iomlán faoi réir **athbhreithnithe lár téarma** chun dul chun cinn a mheas agus aon leasuithe is gá a bhreithniú.

> *Ní féidir fíorathrú agus dul chun cinn a bhaint amach ach amháin trí chlár gníomhartha agus cuspóirí sonracha a bheith ann.*
>
> Trácht ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí



*Cuairteoirí ar Thulach a'tSolais, An Screig. © Uto Hogerzeil*

DRÉACHT



# AG COSAINT AGUS AG BAINISTIÚ ÁR nOIDHREACHTA

*"Ní mór dúinn na suíomhanna is mó i mbaol a aithint agus a chaomhnú.*


Trácht ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí

# A: Ár n-oidhreacht a chosaint agus a bhainistiú

Is í an aidhm atá againn oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha an chontae a chosaint, a chaomhnú agus, nuair is iomchuí, a fheabhsú chomh maith le cabhrú lena hacmhainneacht eacnamaíoch a bhaint amach.

| | **GNÍOMH** | **TORADH INMHIANAITHE** |
|---|---|---|
| **A.1** | Fardal a chruthú d'acmhainní oidhreachta tógtha agus nádúrtha atá faoi úinéireacht na Comhairle, lena n-áirítear stádas i mbaol (rioscaí aeráide san áireamh freisin), agus a chinntiú go gcuirtear struchtúir a bhfuil spéis shuntasach iontu (stairiúil, seandálaíochta, ailtireachta, cultúrtha nó eile) leis an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta. | Fardal críochnaithe ar fáil agus foilsithe faoi dheireadh 2028. |
| **A.2** | Leas a bhaint as deiseanna maoinithe ionas go bhféadfaidh an Chomhairle, úinéirí príobháideacha, coimeádaithe is pobail aire a thabhairt d'acmhainní oidhreachta, iad a chaomhnú is iad a chur ar eolas. | Níos mó infheistíochta ó údaráis áitiúla agus úinéirí agus caomhnóirí príobháideacha agus pobail. |
| **A.3** | Pleananna bainistíochta caomhnaithe a ullmhú do shuíomhanna agus séad-chomharthaí tábhachtacha, bunaithe ar na rioscaí a aithníodh (lena n-áirítear an aeráid); agus iad a chur in ord tosaíochta. | 6 x Plean Bainistíochta Caomhnaithe ullmhaithe thar thréimhse na Straitéise Oidhreachta. |
| **A.4** | Lár Bailte a Athbheochan trí athghiniúint faoi stiúir na hoidhreachta. | Faigheann read-mhaoine oidhreachta feidhm, cuirtear feabhas ar shráid-dreacha, spreagtar cónaí i lár an bhaile. |
| **A.5** | Ionchur agus comhairle oidhreachta a chur san áireamh i ndíospóireachtaí straitéiseacha laistigh den Chomhairle. | Cosaintí oidhreachta láidre i gcláir agus i bpleananna na Comhairle, mar is gá. |
| **A.6** | Naisc a thógáil le foirne Oidhreachta in údaráis áitiúla eile agus tionscnaimh oidhreachta comhpháirteacha/réigiúnacha a fhorbairt, lena n-áirítear díriú ar dheiseanna maoinithe AE. | Seoladh dhá thionscnamh tras-chontae le linn thréimhse na Straitéise Oidhreachta. |

DRAFT



*Mainistir Sheilscire, Loch Garman. © Uto Hogerzeil*



# Taighde agus Eolas a Chruthú

Mic Léinn ó Ollscoil Georgia Theas, Savannah, ag déanamh taighde i gCártlann Chontae Loch Garman 2014. (Cártlann Chontae Loch Garman)

> **“**
>
> ***Ba chóir dúinn léarscáil oidhreachta dhigiteach chuimsitheach a chruthú d'acmhainní nádúrtha, tógtha agus cultúrtha Loch Garman.***
>
> **Trácht ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí.**

# B. Taighde agus eolas a chruthú faoin oidhreacht

Is í an aidhm atá againn bonn eolais slán a bhunú, é sin a leathnú trí thaighde agus an fhaisnéis sin a chur ar fáil go forleathan. Tá sé seo ar mhaithe le cur chuige atá bunaithe ar fhianaise i leith bainistíocht oidhreachta a chur ar fáil chomh maith le léirmhíniú barántúil agus iontaofa.

| GNÍOMH | | TORADH INMHIANAITHE |
|---|---|---|
| **B.1** | Tionscadail iniúchta, taighde agus cumarsáide a fhorbairt. | Bonn eolais oidhreachta Loch Garman a leathnú. |
| **B.2** | An staid eolais atá ann faoi láthair agus na bearnaí faisnéise is tábhachtaí a aithint. | An t-athbhreithniú a choimisiúnú agus a fhoilsiú faoi dheireadh 2028. |
| **B.3** | Tacú le tionscadail a dhíríonn ar bhearnaí faisnéise a aithníodh. | Tionscadal amháin den chineál seo a chuirtear ar bun gach bliain. Torthaí bonn eolais leathnaithe. |
| **B.4** | Oibriú le comhpháirtithe chun taifid stairiúla a dhigitiú agus a chur ar fáil don phobal. | Cuireadh tús le tionscadal mór amháin le linn thréimhse na Straitéise Oidhreachta. |
| **B.5** | Naisc a fhorbairt agus deiseanna maoinithe a iniúchadh le hinstitiúidí Tríú Leibhéal sa bhaile agus thar lear chun taighde agus mapáil ar oidhreacht Loch Garman a spreagadh. | Dhá thionscadal píolótach i bhfeidhm le comhpháirtithe tríú leibhéal faoi dheireadh chlárthréimhse na Straitéise. |
| **B.6** | Oidhreacht dholáimhsithe a thaifeadadh agus aird a tharraingt orthu, amhail stair bhéil, béaloideas, logainmneacha agus ainmneacha páirceanna áitiúla, teanga (Gaeilge, Yólais, Seiltis, blasanna), cleamaireacht, amhráin agus spóirt. | Tús a chur le tionscadal amháin den chineál seo gach bliain, agus feasacht níos fearr maidir leis an gcartlann staire béil atá curtha le chéile ag Seirbhís Leabharlainne agus Cartlainne Loch Garman a chur chun cinn, chomh maith lena húsáid a mhéadú. |



*Radharc ar Theach Tobar Scoilbín, Guaire. ©Uto Hogerzeil*



# Feasacht Níos Mó a Spreagadh agus a Chothú

“

*Chun go n-éireoidh linn, tá gá le níos mó tionscadal a chothaíonn feasacht agus bród níos láidre in oidhreacht ár gcontae ar leibhéal an phobail áitiúil.*


**Trácht ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí**

# C. Feasacht níos mó ar oidhreacht a spreagadh agus a chothú

Is mian linn daoine a spreagadh chun meas a bheith acu ar ár n-oidhreacht, taitneamh a bhaint aisti, í a thuiscint, aire a thabhairt di agus cabhrú lena caomhnú do na glúnta atá le teacht. Músclóidhmid feasacht trínár scéalta a roinnt le pobal is cuairteoirí trí chumarsáid éifeachtach, for-rochtain agus léirmhíniú ar ardchaighdeáin.

| GNÍOMH | | TORADH INMHIANAITHE |
|---|---|---|
| **C.1** | Rannpháirtíocht i dtionscnaimh agus i dtionscadail oidhreachta ar leibhéal an phobail a spreagadh trí scoileanna, grúpaí deonacha agus comhlachtaí reachtúla agus cláir fhor-rochtana tiomnaithe. | Rannpháirtíocht ghníomhach ag cách san oidhreacht, le fíor-omós áite agus meon úinéireachta; deis ag leanaí agus daoine óga nasc a dhéanamh lena n-oidhreacht. |
| **C.2** | An líonra Conairí Oidhreachta a leathnú, tacú le forbairt conairí nua agus oibriú le comhpháirtithe/ gairmithe ábhartha chun léirmhíniú cruinn agus cuí a fhorbairt ag láithreáin oidhreachta, lena n-áirítear réitigh theicneolaíocha chun lucht féachana níos leithne a mhealladh. | Líon na gConairí á leathnú agus léirmhíniú á fheabhsú i gcomhar le comhpháirtithe agus gairmithe ábhartha. Infheictheacht/aitheantas níos mó ar oidhreacht áitiúil i spásanna poiblí. |
| **C.3** | Tuiscint ar oidhreacht shaibhir Loch Garman a chur chun cinn agus a fheabhsú trí thacú leis na hionaid oidhreachta, trí thaispeántais nua, músaeim shealadacha agus ábhar digiteach a fhorbairt agus trí aird a tharraingt ar bhailiúcháin chartlainne agus déantán atá ann cheana féin. | Forbairt earnála oidhreachta atá rathúil agus dírithe ar an bpobal. |
| **C.4** | Feasacht níos mó a chur chun cinn maidir le hoidhreacht shaibhir mhuirí, abhann agus shléibhe Loch Garman agus crostagairt a dhéanamh le cláir ghníomhaíochta aeráide. | Níos mó airde a tharraingt ar chuid dár n-oidhreacht nach bhfuil dóthain measa uirthi. |
| **C.5** | Tacú le himeachtaí agus féilte oidhreachta i rith na bliana, go háirithe le linn Seachtain na hOidhreachta, Seachtain na Bithéagsúlachta agus imeachtaí eile ina ndéantar ceiliúradh ar oidhreacht thógtha, ar sheandálaíocht, ar an dúlra, ar chultúr agus ar stair áitiúil. | Féilire le réimse leathan imeachtaí éagsúla a bhaineann leis an oidhreacht. |
| **C.6** | Tacú le cainteoirí Gaeilge an chontae agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn. | Úsáid agus feiceálacht na Gaeilge a mhéadú ar fud an réimse phoiblí. |

DRAFT



*Buaile Mhaodhóg ©Uto Hogerzeil*



> ***Tá fonn níos mó ar dhaoine ceangal a dhéanamh, agus comhiontas orthu faoina méid a dhéanann áit ‘speisialta’.***
>
> **Trácht ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí**

# AG CEANGAL DAOINE LE HÁIT

# D. Ag ceangal daoine le háit


Is mian linn pobail áitiúla a nascadh lena n-oidhreacht, iad a bheith páirteach ina bainistíocht agus ina léirmhíniú, agus iad a chumasú trí oiliúint agus acmhainní chun oibreacha cuí a dhéanamh i gcomhréir leis an dea-chleachtas. De réir mar a chuireann ár bpobail fáilte roimh dhaoine nua, ba mhaith linn a chinntiú go mbraitheann siad go bhfuil siad bainteach freisin agus go gcloistear a nglór chomh maith.

| | GNÍOMH | TORADH INMHIANAITHE |
|---|---|---|
| **D.1** | Cumas pobail a chothú le haghaidh tionscadal faoi stiúir áitiúil, lena n-áirítear oiliúint ar an dea-chleachtas, iniúchtaí oidhreachta, ceardanna agus ceannaireacht. | Cuirtear ar chumas tionscadail oidhreachta ar ardchaighdeáin atá faoi stiúir áitiúil. |
| **D.2** | Páirtithe leasmhara tábhachtacha a spreagadh maidir le bainistíocht, caomhnú agus taifeadadh reiligí stairiúla, dea-chleachtas a chur chun cinn agus clár caomhnaithe a fhorbairt do reiligí stairiúla. | Cúrsa oiliúna bliantúil forbartha agus curtha ar fáil |
| **D.3** | Pobail agus daoine aonair a spreagadh chun tionscadail oidhreachta faoi stiúir áitiúil a fhorbairt agus deiseanna maoinithe a fháil/a chur i bhfios chun tacú leo seo. | Réimse comhoibrithe cuimsitheacha agus bríomhara i bhfeidhm a neartaíonn cosaint, cur chun cinn agus taitneamh oidhreachta Loch Garman |
| **D.4** | Oibriú le pobail agus le páirtithe leasmhara chun tionscadail oidhreachta a chruthú le chéile atá ábhartha agus inrochtana do luchtanna nach bhfuil freastal ceart orthu. | |
| **D.5** | Feabhas a chur ar rochtain ar láithreáin oidhreachta agus chultúrtha, rud a chuirfidh ar chumas daoine de gach cumas taitneamh a bhaint astu le dínit. | Clár ar riachtanais inrochtaineachta, lena n-áirítear réitigh fhisiciúla agus dhigiteacha araon. |
| **D.6** | Ceiliúradh agus iniúchadh a dhéanamh ar oidhreacht ár bpobal uile i Loch Garman. | Feasacht agus meas níos fearr ar ionchur oidhreachta ár bpobal uile (sean, nua, éagsúil agus iadsan gan ionadaíocht go stairiúil). |

DREACHT

*Tá rian na Gaeilge le sonrú i logainmneacha an chontae in éineacht le Yola agus Béarla.*

Trácht ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí



Ag dul i ngleic lenár n-oidhreacht. © Uto Hogerzeil



# Oidhreacht Nádúrtha

*Ní mór dúinn gníomh práinneach, láithreach a dhéanamh.*

Trácht ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí

# E. Bithéagsúlacht


Is í an aidhm atá againn ná ár mbithéagsúlacht uathúil a athbhunú, a chosaint agus a cheiliúradh, ar a son féin, ar ár son féin agus ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht.

| GNÍOMH | | TORADH INMHIANAITHE |
|---|---|---|
| **E.1** | Plean Gníomhaíochta um an mBithéagsúlacht tiomnaithe a fhorbairt do Loch Garman. | Plean Tiomnaithe i bhfeidhm faoi 2026. |
| **E.2** | A chinntiú go bhfuil an Plean Gníomhaíochta um an mBithéagsúlacht comhtháthaithe go hiomlán leis an Straitéis Oidhreachta níos leithne. | Cinntíonn freagairt chomhtháthaithe go mbíonn tionchar ag an oidhreacht, sa chiall is leithne, ar chláir agus ar phleananna uile na Comhairle. |
| **E.3** | Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht mar chuid de na hathbhreithnithe bliantúla agus meántéarmacha ar an Straitéis Oidhreachta. | Mar thoradh ar idirphlé bríoch, feabhsaítear torthaí faoi dheireadh na tréimhse pleanála. |

DRAFT



*Ag faire ar éin ar Shlabaí Loch Garman ©Uto Hogerzeil*



***Ní dhéanann fanacht ach an jab a dhéanamh níos mó.***

**Trácht ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí**

*Eaglais Naomh Eoin, Ráth Mhac nAodha (Colm Moriarty)*

# 6. Cur Chun Feidhme

Forbraíodh Straitéis Oidhreachta Chontae Loch Garman faoi choimirce Chomhairle Contae Loch Garman. Beidh an Chomhairle i gceannas ar chur i bhfeidhm na straitéise le tacaíocht agus ionchur ó pháirtithe leasmhara éagsúla. Beidh gá le traschomhoibriú idir ranna éagsúla laistigh den Chomhairle agus le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile chun an straitéis a chur i bhfeidhm go héifeachtach sna blianta beaga amach romhainn.

Gach bliain, déanfaidh an tOifigeach Oidhreachta **clár bliantúil** a dhréachtú i gcomhairle leis an bhFóram Oidhreachta agus a chur faoi bhráid na bainistíochta sinsearaí lena cheadú. Déanfar maoiniú, acmhainní agus tacaíochtaí eile a leithdháileadh mar chuid de phróiseas buiséid bhliantúil na Comhairle. Déanfaidh an Fóram Oidhreachta athbhreithniú ar dhul chun cinn maidir le cur i gcrích i lár na bliana agus ag deireadh na bliana.

Ag deireadh gach bliana, ullmhóidh an tOifigeach Oidhreachta **Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn** maidir le cur i bhfeidhm na straitéise go dtí sin, rud a chuirfidh bonn eolais faoi na tosaíochtaí don bhliain dár gcionn. Cuirfear na Tuarascálacha ar Dhul Chun Cinn bliantúla faoi bhráid an Fhóraim Oidhreachta agus na bainistíochta sinsearaí, chomh maith leis an gCoiste um Beartas Straitéiseach ábhartha.

Beidh an Straitéis iomlán faoi réir **Athbhreithnithe Lár Téarma** chun dul chun cinn a mheas agus aon leasuithe is gá a bhreithniú.

Déanfar **Meastóireacht** iomlán ag deireadh na tréimhse cur chun feidhme, agus áireofar inti na ceachtanna foghlama a bheidh le tabhairt ar aghaidh i ndearadh an chéad Straitéis eile.

DRAFT

# AGUISÍNÍ


This Indenture

*Gníomhas díolacháin cluana ag Ros Mhic Thriúin, John Rawkins le Constantine Neale, D/Fómhair 1679 (Cártlann Chontae Loch Garman)*

DRAFT

# Aguisín 1

# Tionscadail Fhéideartha

Tá na tionscadail thíos bunaithe ar na cinn a moladh mar chuid den phróiseas comhairliúcháin phoiblí nó a mhol páirtí leasmhar amháin nó níos mó. Is léiriú iad seo ar an gcineál tionscadal a d'fhéadfaí a chur i gcrích, ag brath ar thosaíochtaí bliantúla agus ar mhaoiniú.

## Ár nOidhreacht a Chosaint agus a Bhainistiú

- Oibreacha caomhnaithe ar bhallaí stairiúla i mbaile Loch Garman agus Ros Mhic Thriúin
- Treoirlínte dearaidh a chruthú d'aghaidheanna siopaí stairiúla agus do shráid-dreacha
- Clár bliantúil oibreacha caomhnaithe a fhorbairt do shuíomhanna atá faoi chúram na Comhairle
- Bain úsáid as scéimeanna deontais amhail Ciste na Séadchomharthaí Pobail chun tacú le hoibreacha caomhnaithe ar shéadchomharthaí seandálaíochta (caisleáin, séipéil srl)
- Prótacal a chruthú le haghaidh síntiúis dhaonchairdiúla
- Measúnú a dhéanamh ar riocht na Déanmhas Cosanta uile atá faoi úinéireacht na Comhairle
- Measúnú a dhéanamh ar tairbhe eacnamaíoch na hoidhreachta agus costas/tairbhe na hinfheistíochta
- Measúnú a dhéanamh ar nochtadh suíomhanna/sócmhainní oidhreachta an chontae d'imeachtaí aeráide
- Cur chuige comhordaithe (tras-rannach) maidir le forbairtí suíomhanna stairiúla agus sráid-dreacha
- 'Treoir maidir le Maoiniú' – Lámhleabhar le haghaidh infheistíocht phobail/phríobháideach

## Taighde agus Cruthú Eolais

- Clár Taighde ar bhailte meánaoiseacha an chontae
- Digitiú Hore: saothair fhoilsithe agus neamhfhoilsithe Philip agus Herbert Hore a dhigitiú agus a chur ar fáil
- Suirbhéanna Allamuigh/ Logainmneacha, iniúchadh ar Thobair Naofa srl
- Iniúchadh Troscáin Sráide
- Taifead a dhéanamh ar ghnéithe d'oidhreacht mhuirí/abhann Loch Garman (lena n-áirítear oidhreacht dholáimhsithe)
- 'Próifílí carachtair' oidhreachta réigiúnacha a chruthú mar bhunús do ghníomhartha straitéiseacha
- Láithreacha Catha 1798 – fardal, léarscáil, ainmniú
- Staidéar ar fhuinneoga daite Loch Garman

DRAFT

## Feasacht Níos Mó a Spreagadh agus a Chothú

- An smaoineamh maidir le 'Ambasadóirí Oidhreachta' nua a scrúdú
- Fionnachtana áitiúla a lorg ar iasacht sa Mhúsaem Náisiúnta le taispeáint go háitiúil
- Bealaí siúil agus treoracha digiteacha bunaithe ar théamaí oidhreachta a fhorbairt, ag cur béime ar théamaí nó sainchomharthaí ar fud an chontae (m. sh. láithreacha catha, suíomhanna Normannacha)
- Comhoibriú le Visit Wexford agus Fáilte Éireann a neartú
- Indéantacht Mhúsaem Chontae a fhiosrú
- Cláir eolais a chur suas ag láithreáin oidhreachta geolaíochta taifeadta chun feasacht a mhúscailt
- Clár Seandálaíochta Pobail a fhorbairt i Loch Garman
- Imeachtaí Bhliain na Normannach 2027
- Clár imeachtaí do Sheachtain na Gaeilge
- Polasaí logainmneacha a neartú i gcomhar le Logainm, An Brainse Logainmneacha, agus Conradh na Gaeilge

## Ag Ceangal Daoine le hÁit

- Clár for-rochtana a fhorbairt do Scoileanna
- Clár for-rochtana a fhorbairt do chónaitheoirí nua an chontae
- Staidéar féidearthachta do bhunachar sonraí oidhreachta slua-fhoinsithe
- Scéim bhliantúil deontas beag do thionscadail agus tosaíochtaí oidhreachta áitiúla
- Tacú le tionscadail staire béil, m.sh. tionscadail mhuirí nó tionscadail áitiúla a ghabhann logainmneacha, ainmneacha páirce, sloinnte agus traidisiúin
- Clár Reiligí Stairiúla faoi stiúir áitiúil agus iniúchtaí ar ghnéithe suntasacha d'oidhreacht an phobail (cosúil le caidéil uisce stairiúla)
- Spás a chur ar fáil do ranganna agus imeachtaí Gaeilge
- Clár Oiliúna do pháirtithe leasmhara pobail (lena n-áirítear scileanna traidisiúnta)
- Clár nua 'Mórtas Ceantair' a fhorbairt do phobail áitiúla
- Tionscadal nua ar Oidhreacht na Staighrí Dubha a fhorbairt

## Bithéagsúlacht

- Aghaidh a thabhairt air ar leithligh tríd an bPlean Gníomhaíochta um an mBithéagsúlacht.

DRÉACHT





*Roinnt gníomhas talún ó bhailúchán dlí de chuid Chartlann Contae Loch Garman (Cartlann Contae Loch Garman)*


# Aguisín 2

# Aiseolas ón bPróiseas Comhairliúcháin Phoiblí

- 80 tuairisceán ar líne
- 19 tuairisceán crua-chóipe, agus bhí 2 díobh sin mionsonraithe go leor le go measfaí gur aighneachtaí scríofa iomlána iad.
- 26 aighneacht scríofa 'foirmiúil'
- Tinreamh láidir ag formhór na seisiún poiblí

Ceapann 79% go mbainnean tábhacht/tábhacht mór le Comhairle Contae Loch Garman ó thaobh chúram/chosaint ar n-oidhreachta. Deir 95% go mbeidh an Plean nua tábhachtach/an-tábhachtach dá bpobail.



Cuireadh trí cheist thábhachtacha ar rannpháirtithe an tsuirbhé agus comhdhlúthaíodh a gcuid freagraí i bhfoirm na néalta focal thíos:

***C1: Cad é an dúshlán is mó atá roimh Oidhreacht Loch Garman, dar leat?***




***C2: Cad iad na spriocanna foriomlána ar mhaith leat a fheiceáil maidir le hoidhreacht i Loch Garman?***




DRAFT

*C3: An bhfuil aon ghníomhartha sonracha ar mhaith leat a fheiceáil?*




DRAFT

## Láidreachtaí agus Laigí

Tríd is tríd, tá pictiúr sách cothrom de láidreachtaí agus laigí le feiceáil ón aiseolas a fuarthas. Cuirtear béim fhorleathan ar shaibhreas agus ar éagsúlacht oidhreacht Loch Garman, mar aon lena luach agus a hacmhainneacht eacnamaíoch; tá feasacht ann maidir le scála an dúshláin agus go gcaithfear aghaidh a thabhairt air go praiticiúil; fáiltítear roimh an gcur chuige straitéiseach nua atá beartaithe agus tá tiomantas na bpobal áitiúil le feiceáil ó thús deireadh. Níl aon ghanntanas smaointe ann ach an oiread!

A mhéid a bhaineann leis na laigí, seasann easpa maoinithe amach taobh le heaspa smaointeoireachta straitéisí (faoi láthair) chomh maith le heaspa feasachta/measa poiblí i gcoitinne. Aithníonn cách ról lárnach na Comhairle agus meastar gur príomhghné í chun freagairt éifeachtach a thabhairt.



*Ag fuáil Táipéis an Rois (New Ross Needlecraft Ltd)*

Aguisín 3

# Rannpháirtithe sa Phróiseas Comhairliúcháin Phoiblí

Buíochas le gach duine a thug a gcuid ama, smaointe agus tuairimí le linn an phróisis chomhairliúcháin phoiblí:

Rinne na daoine seo a leanas aighneachtaí mionsonraithe i scríbhinn (cuid acu agus iad ag freagairt an tsuirbhé):

Dr Richard Gem
Neville Knott
William French
P.J. Lawless
Anna Skrine
Peter Pearson
Mary Foley
Bernard Brown
Dominic Berridge
Jonathan Hughes
Cleariestown/Rathangan Heritage Group
North Wexford Groups (jointly)
*Kilanerin Tidy Towns Heritage Group, North Wexford Historical Society, Old Kilnenor Historical Society, Tara Hill CDA, Kilanerin-Ballyfad CDA, Gorey Tidy Towns Group, Gorey CDA, The Gap Tidy Towns and Heritage Group, Hollyfort Development Group.*

Brendan Roche
Brian Donovan
Aidan Ryan
Jacqui Hynes/Brian Ó Cléirigh
Kilmore Quay (anon)
Eamonn Doyle
Patrick Kinsella
Bannow Historical Society
Tides and Tales CLG
Kilmore Quay Conservation Group
Conradh na Gaeilge
Matthew Doyle
Faythe Residents and Community
Tomhaggard CDG
Castlebridge Inspire
Thomas Leggett
Cory Cashman

D’fhreagair 80 duine ár suirbhé ar líne, gan ainm, agus gabhaimid buíochas arís le gach duine acu as an am a thóg siad chun freagra a thabhairt ar an suirbhé agus as an machnamh soiléir a rinneadh sna freagraí sin.  D’fhreagair 19 eile i gcóip chrua agus ar mhaithe le comhsheasmhacht, meastar gur freagraí gan ainm iad seo freisin, fiú nuair a bhí siad sínithe.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na daoine iomadúla a tháinig chuig ár seisiúin phoiblí éagsúla agus a roinn a gcuid imní, dóchas agus smaointe.

Tá meas mór againn ar gach ranníocaíocht agus tá tionchar suntasach aici ar chruth ár Straitéise Oidhreachta nua.

DRAFT



*Cladach ag Bá Chill Eilleáin*
*(Ronan O'Flaherty)*

# Aguisín 4

# Baill Fhóram Oidhreachta Chontae Loch Garman

Buíochas le baill Fhóram Oidhreachta Chontae Loch Garman as a gcomhairle, a smaointe agus a dtreoir le linn ullmhú an phlean seo.

**Cathaoirligh**

An Clr John Fleming (Ros Mhic Thriúin): Meitheamh-Meán Fómhair 2025
An Clr Frank Staples (Ros Láir):   Meán Fómhair 2025-

**Oifigeach Oidhreachta**
Colm Moriarty

**Baill**

- **Maura Bell**
  Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
- **Grace Corbett**
  Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta
- **Caroline Creane**
  Rannóg Pobail Chomhairle Contae Loch Garman (Meitheamh-Meán Fómhair 2025)
- **Yvonne Doyle Curtis**
  Oifigeach Caomhnaithe Ailtireachta Chomhairle Contae Loch Garman
- **Grainne Doran**
  Cartlannaí an Chontae
- **Hazel Doyle**
  An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
- **Willie French**
  Cumann Staire Loch Garman
- **Jarlath Glynn**
  Coiste Oidhreachta Bhuirg Loch Garman
- **Claire Goodwin**
  Oifigeach Bithéagsúlachta, Comhairle Contae Loch Garman
- **Hore, Elizabeth**
  Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Contae Loch Garman
- **An Clr Pat Kehoe**
  Comhalta Tofa (Inis Córthaidh)
- **Anne-Marie Kirwan**
  An Taisce
- **James Lavin**
  Pleanáil Chomhairle Contae Loch Garman
- **Peter O'Connor**
  Cumann Staire Loch Garman Thuaidh
- **M.J. Scallan**
  Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
- **Ger Shortle**
  Teagasc
- **Yvonne Smith**
  Seirbhísí Leabharlainne
- **An Clr Joe Sullivan**
  Comhalta Tofa (Guaire agus Cill Mhucraise)
- **Helen Corish Wilde**
  Coiste Oidhreachta Bhuirg Loch Garman

DRÉACHT

DRÉACHT